COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Máirt 31ú de Bhealtaine 2022**

**4.00in - 6.30in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Máirt an 31ú de Bhealtaine ag 4.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., S. Ó T., G. Uí C., Á. B., C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).
**Leithscéal ó:** P. Ó C. agus P. S.

1. **Fáiltiú**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách.

2. **Miontuairiscí**

   Mhol G. Uí C. le cuidiú ó A. B. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol ó C. Ó C. le cuidiú T. Ó C. go nglacfar leo.

3. **Ag éirí as**

   Rinne an Cathaoirleach buíochas a ghbháil le pobal na scoile as obair na gcapall ó thús na scoilbhliana agus mhol sé ball den Bord Bainistíochta as a ndíograis.

4. **Comhfhreagras**

   Chuaigh an Príomhoide tríd na ciorclán reatha, chuaigh sí tríd comhfhreagras bainteach le BOOGR, Socraithe Réasúnta Bl 3, CAO, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM, Coiste Forbartha, Oifigeach Pleanála Teanga agus Seoladh an Plean Teanga.

## 5. Tuairisc an Rúnaí

**Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Turas Oidhreachta Inis Oirr, Grianghrafadóir, Blitz Peile, Clár Vacsaíniú, Lá Spóirt, Scrúduithe an tSamhradh, Gradam.

Bliain 2: Turas Oidhreachta Inis Oirr, Fíbín, Blitz Peile, Lá Spóirt, Scrúduithe an tSamhradh, Gradam.

Bliain 3: Turas Oidhreachta Inis Oirr, Cruinniú Múinteoirí – Tuismitheoirí, Scrúdú Eacnamaíocht Bhaile, Craobh Cispheile, Blitz Peile, Lá Spóirt, Gradam.

Bliain 4: Rothaíocht/Cadhcáil, PsychoSpaghetti Ger Carey, Taithí Oibre, Ceoldráma – An Addams Family, Fíbín, STEPS, Gaisce – Eachtraíocht, Craobh Cispheile, Lá Spóirt, Scrúduithe an tSamhradh, Gradam.

Bliain 6: Aoichainteoir Micheál Ó Murchú – Ionad BreisOideachais Maigh Eo, Scrúdú Béil sa Ghaeilge, Scrúdú Béil sa Fhrainicis, Scrúdú Nasc, Scrúdú Lae Staidéar Foirníochta, Lá na dTurgnamh Fisice, Grianghrafadóir, Craobh Cispheile, Grádú, Lá Spóirt, Lá Tiomána, Gradam.

**Forbairt Gairmiúil**

**Fás agus Forbairt**

M. Ní T. - Ceardteastas

B.Ní A. – Cúrsa PDST

C. Ó C. – Ceannairí Scoile na dTodhchaí

**Tá 64 dalta cláraithe don scoilbhliain 2021/'22, 7 dalta cláraithe don chéad bhliain 2022/23**

**Caiteachas go dtí seo €25,259.64 ó tús na bliana (01-01-22 – 31-05-22)**

### Comhpháirtíocht agus Nascanna

TESS, TUSLA, NEPS, EWO, COGG, JCT, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Comhairle na dTuistí, Comhaltas agus an Paróiste Chorr na Móna.

## 6. Athbhreithniú ar Pholasaí Frithbhulaíochta

Tugadh cáipéisí frithbhulaíochta os comhair na rannpháirtithe éagsúla, Coiste na dTuistí, Coiste an nDaltaí agus foireann na scoile le formheasadh. Mhol S. Ó T. le cuidiú ó A. B. glacadh leis an bPolasaí.

7. **Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Cuireadh na cáipéisí cuí bainteach le Caomhnú Leanaí faoi bhráid an Bhord agus tugadh le fios don Bhord nach raibh aon rud le tuairisciú faoi aon rannóg.

8. **Tuairisc ar Frithbhulaíocht**

Ní raibh aon rud le tuairisciú

9. Príomhoide Tánaisteach ag dul ar scor

Scaip Bn Uí M. eolas ar an mbord roimh an cruinniú go raibh sí le dul ar scor. Rinne an Cathaoirleach agus na ball go léir chuile rath a ghuí uirthi agus ar a clann. Socraíodh go mbeadh ceiliúradh ann di i rith an scoilbhliain nua. Tugadh aníos an topaic i dtaobh earcadh múinteoir Eacnamaíocht Bhaile agus na deacrachtaí a bhaineann le earcaíocht mhúinteoirí ábhair. Pléadh earcaíocht don phost mar Príomhoide Tánaisteach freisin.

10. **Sláinte agus Sábháilteacht**

Pléadh appendix M leis an mBord, seicliosta Sláinte agus Sábháilteacht atá le cur ais chuig J. G. san Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimhe agus Ros Comáin. Tugadh le fios don bord go bhfuil traenáil maor dóiteáin le uasdátú ag an foireann.

11. **Athbhreithniú ar an gCód Iompair**

Cuireadh an Cód Iompair faoi bhráid na rannpháirteacha scoile éagsúla, Comhairle na nDaltaí, comhairle na dTuistí, múinteoirí. Ó tharla nach bhfuil fios dúinn, céard atá i ndán dúinn i dtaobh Covid don scoilbhliain seo chugainn, socraíodh an Cód a fhágáil mar atá. Mhol S. Ó T. é seo le cuidiú ó T. Ó C.

12. **Tuairiscí ón ball le Poist freagrachta**

Rinne A. B. tuairisc a thabhairt ar a phost dualgais mar Phríomhoide Cúnta. Rinne sí tagairt ar obair mar eagraí scrúduithe Stáit, tacú laethúil le bainistíocht na scoile, cúramaí an clár ama, cúramaí dréachtú polasaithe agus cúramaí sláinte agus sábháilteachta. Rinne sí cur síos ar obair M. NM. mar Eagraí scrúduithe scoile,

comhordaitheoir Coiste Glas agus Eagraí Laethanta Folláine.
Tuairisciú ar ról C. Ó L. mar Chomhordaitheoir Chláir.

**13. Scéim Aitheantas mar Scoil Gaeltachta**

Thug an rúnaí le fios don bhord go raibh cruinniú ag an bPríomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach leis an gCigire, B Ní Ruairc. Chuaigh sí tríd an bpróiseas cigireachta a bheith I ndán don scoil. Mhol an Cathaoirleach agus S. Ó T. pobal na scoile as a gcuid iarrachtaí leis an nGaeilge a chur chun cinn sa scoil agus sa phobal, mhol siad obair dhian na scoile ag taispeántas Seoladh Plean Teanga Cheantair Dhúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh.

**14. A. R. E**

Pléadh costaisí na scoile morthimpeall ar bhreosla don scoilbhliain seo chugainn.

Le sin, rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an gcruinniú agus ghuí sé chuile bheannacht ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha                    Dáta: 18/10/22

**Cathaoirleach**